Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0066(COD)**

**9305/23**
**ADD 2**

**JAI 630**
**FREMP 147**
**COHOM 111**
**COPEN 158**
**EDUC 164**
**MIGR 168**
**SOC 321**
**ANTIDISCRIM 49**
**GENDER 51**
**JEUN 89**
**CODEC 886**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac<br>– Cur chuige ginearálta<br>– Statement |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn an ráiteas a chuir an Pholainn isteach.

**IARSCRÍBHINN**

Urramaíonn an Pholainn go hiomlán an ceart chun cóir chomhionann do mhná agus d'fhir, déanann sí a dícheall i gcónaí deireadh a chur le gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh freisin chun cosaint na n-íospartach a neartú. Ag an am céanna, ní thacaíonn an Pholainn le glacadh an chur chuige ghinearálta maidir leis an dréacht-Treoir iomlán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac mar atá an fhoclaíocht ann agus an nós imeachta faoi láthair.

I bhfianaise na tuairime ó Sheirbhís Dlí na Comhairle, creideann Rialtas na Polainne gurbh é an nós imeachta iomchuí chun an dréacht-Treoir thuasluaite a ghlacadh, cinneadh ón gComhairle a ghlacadh ar dtús chun cur leis an gcatalóg d'eora-choireanna faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 83(1) mír 3 CFAE. Leis an gcomhchuibhiú atá beartaithe, tagraítear do chionta atá deacair a aicmiú sa ghrúpa seo. Go deimhin, ní féidir a mheas go ndéantar gach cion a luaitear sa togra a chuimsiú go soiléir leis an gcoincheap 'teacht i dtír gnéasach ar mhná agus ar leanaí' ná 'coireacht ríomhairí'.

Ina theannta sin, ba cheart a mheabhrú nár éirigh leis an iarracht cur le liosta na gcionta faoi Airteagal 83(1) CFAE chun cion nua 'fuathchainte' a áireamh ann, mar a bheartaítear i ndréacht-Chinneadh COM (2021) 777 ón gComhairle. I ndlí an Aontais Eorpaigh, ní bhaintear leas as coincheap na fuathchoireachta, agus is féidir an tAirteagal 10 atá beartaithe a mheas mar shárú ar nós imeachta aontoilíochta an Chonartha agus deimhnítear leis barúlacha maidir leis an mbunús dlí mícheart atá ag an dréacht-Treoir seo.

Ag an am céanna, ba cheart a thabhairt faoi deara go dtagraítear go sainráite in Airteagail 2 agus 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, in Airteagal 10 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus in Airteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh don chomhionannas idir mná agus fir agus gurb é an téarma 'gnéas' seachas 'inscne' a úsáidtear iontu. Níl sainmhíniú i ndlí bunúsach an Aontais ar an gcoincheap 'inscne', agus dá bhrí sin tá sé fós doiléir agus intuigthe go débhríoch sna Ballstáit. Dá bhrí sin, tá forchoimeádas ag an bPolainn an téarma 'inscne' a úsáidtear i dtéacs an Togra a léiriú mar théarma arb ionann céile é agus an téarma atá gan débhrí agus atá seanbhunaithe i ndlí an Aontais Eorpaigh, is é sin 'gnéas'.

I dtuairim na Polainne, is sampla eile é an tionscnamh seo d'iarracht ar riail vótála na haontoilíochta a shárú agus féachann sé le hinniúlachtaí an Aontais a leathnú gan Conarthaí an Aontais Eorpaigh a leasú. Ní aontaíonn an Pholainn in aon chor leis an gcineál sin cleachtais. Dá réir sin, féachfaidh an Pholainn le deireadh a chur leis na hoibleagáidí a bheidh ag gabháil leis an Treoir má ghlactar í, trí shásraí náisiúnta iomchuí lena ngabhann scrúdú ar bhunreachtúlacht léirmhíniú na Comhairle agus na Parlaiminte ar Chonarthaí an Aontais Eorpaigh, sa raon feidhme maidir leis an deis a cheilt ar an bPolainn gan aontú i gcomhréir leis an riail vótála aontoilíochta in Airteagal 83(1) mír 3 CFAE. Dá bhrí sin, i dtuairim na Polainne, is gníomh *ultra-vires* de chuid institiúidí an Aontais Eorpaigh é nach féidir a bheith ceangailteach ar na Ballstáit.